Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024
(OR. en)

10666/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0155(COD)**

JAI 939
ENFOPOL 276
CRIMORG 90
IXIM 149
DATAPROTECT 231
CYBER 182
COPEN 296
FREMP 284
TELECOM 202
COMPET 616
MI 572
CONSOM 209
DIGIT 151
CODEC 1431

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite[1] a raibh measúnú tionchair agus teachtaireacht ag gabháil leis. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus tá dhá phríomhbhloc tógála ann. Ar an gcéad dul síos, bheadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse ar líne, ar nós soláthraithe seirbhísí óstála agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, agus an t-ábhar sin a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, chomh maith le sirtheoireacht leanaí ('mealltóireacht') a chosc, a bhrath agus a thuairisciú. Ar an dara dul síos, bhunófaí gníomhaireacht dhíláraithe nua de chuid an Aontais

[1] 9068/22.

('Lárionad an Aontais')[2] chun cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe a chumasú in éineacht le líonra d'Údaráis Chomhordúcháin náisiúnta agus údaráis inniúla eile.

2. Sa Chomhairle, scrúdaíodh an togra ag 31 chruinniú de chuid na Meithle um Fhorfheidhmiú an Dlí - Póilíní (LEWP-P) go dtí seo chun sainordú a ullmhú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

3. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim i scríbhinn an 26 Aibreán 2023[3].

4. Bhí díospóireachtaí beartais ag Coiste na mBuanionadaithe maidir leis an togra thuasluaite an 31 Bealtaine agus an 13 Deireadh Fómhair 2023, inar díríodh ar raon feidhme an ordaithe braith agus ar ghnéithe a bhaineann le cumarsáid chriptithe agus leis an gcibearshlándáil. Phléigh an Chomhairle an tsaincheist freisin i seisiún poiblí an 19 Deireadh Fómhair agus an 5 Nollaig 2023.

5. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an príomhchoiste don chaibidlíocht ar an togra. Cheap sé Javier Zarzalejos (PPE, ES) mar rapóirtéir i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ghlac Coiste LIBE a thuarascáil an 14 Samhain 2023, agus measadh seasamh Pharlaimint na hEorpa a bheith glactha an 22 Samhain 2023.

6. Le Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 cuirtear síneadh go dtí an 3 Aibreán 2026 le tréimhse chur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil shealadaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac.

[2] Beidh roghnú shuíomh Lárionad an Aontais faoi réir nós imeachta idirinstitiúideach de réir an tsampla inar roghnaíodh suíomh an Údaráis um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

[3] 8787/23.

## II. DUL CHUN CINN NA HOIBRE LE LINN UACHTARÁNACHT NA BEILGE

7. Faoi Uachtaránacht na Beilge, chaith LEWP-P go leor ama agus rinne sé iarracht mhór chun cuir chuige nua maidir leis an Rialachán atá beartaithe a mheas agus chun téacsanna comhréitigh a dhréachtú ag na cruinnithe a bhí aige an 1 Márta[4], an 19 Márta[5], an 3 Aibreán[6], an 15 Aibreán[7], an 8 Bealtaine, an 24 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2024[8].

8. Dhírigh an Uachtaránacht a hiarrachtaí ar fhreagairt ar ábhair imní a chuir roinnt toscaireachtaí in iúl maidir le comhréireacht agus spriocdhíriú na n-orduithe braith agus maidir leis an gcibearshlándáil:

- Mhol an Uachtaránacht dhá bhloc tógála idirnasctha: (1) measúnú riosca feabhsaithe agus catagóiriú riosca seirbhísí chun orduithe braith a dhéanamh níos spriocdhírithe agus (2) cibearshlándáil agus sonraí criptithe a chosaint, agus seirbhísí a úsáideann criptiú inn ar inn á gcoinneáil laistigh de raon feidhme na n-orduithe braith.
- Ina dhiaidh sin, d'oibrigh na toscaireachtaí ar mhodheolaíocht a fhorbairt chun an riosca a bhaineann le seirbhísí sonracha a chinneadh bunaithe ar shraith critéar oibiachtúil (a bhaineann le méid, cineál agus croí-ailtireacht na seirbhíse, beartais agus feidhmiúlachtaí sábháilteachta an tsoláthraí trí dhearadh agus mapáil treochtaí úsáideoirí).
- Ag eascairt as an bpróiseas catagóirithe riosca sin, dhéanfaí córais nó codanna díobh a aicmiú mar chórais 'ardriosca', 'meánriosca' nó ísealriosca'. Bunaithe ar an gcatagóiriú sin, d'fhéadfaí bearta maolaithe riosca breise a fhorchur ar na soláthraithe a aicmítear sna catagóirí meánriosca agus ardriosca. I gcás ina bhfuil rioscaí suntasacha fós ann tar éis dó na bearta maolaithe riosca breise a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an tÚdarás Comhordúcháin breithniú a dhéanamh ar eisiúint ordaithe braith a iarraidh mar rogha dheiridh i gcás seirbhísí a aicmítear mar sheirbhísí ardriosca. D'fhéadfadh soláthraithe a chur in iúl go deonach d'Údarás Comhordúcháin na bunaíochta cé acu atá nó nach bhfuil amhras orthu go bhfuil a gcuid seirbhísí á n-úsáid le haghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhféadfadh sé go mbeadh gá le horduithe braith a eisiúint ina leith.

---

4 6850/24.
5 7462/24.
6 8019/24.
7 8579/24.
8 9093/24.

- Mhol an Uachtaránacht seirbhísí a úsáideann criptiú inn ar inn a choinneáil i raon feidhme na n-orduithe braith a eisítear do sheirbhísí ardriosca, ar choinníoll nach gcuirfeadh sé sin d'oibleagáid ar sholáthraithe rochtain ar shonraí criptithe inn ar inn a chruthú agus go ndéanfaí grinnfhiosrúchán ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a bhrath maidir lena n-éifeachtacht, a dtionchar ar chearta bunúsacha agus rioscaí don chibearshlándáil.
- Tar éis plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil, rinne an Uachtaránacht a cur chuige a choigeartú agus mhol sí coimircí breise a chur leis chun comhréireacht le cearta bunúsacha agus urraim do na cearta sin a áirithiú, eadhon raon feidhme na n-orduithe braith a theorannú d'ábhar amhairc agus URLanna, tuairisciú moillithe tar éis dhá amas i gcás ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí chun bréagdheimhneacha a laghdú, ainm bréige a chur ar ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadh sula ndéanfadh duine daonna á fhíorú, agus sonraí criptithe inn ar inn a chosaint agus, ag an am céanna, brath i gcumarsáid idirphearsanta trí mhodhnóireacht uaslódála a chumasú lena n-éilítear toiliú úsáideoirí.
- Rinne an Uachtaránacht iarracht freisin a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ag brath maidir le cuntais a úsáideann an Stát chun críoch slándála náisiúnta, chun dlí agus ord a choinneáil nó chun críoch míleata.

9. Thug an Uachtaránacht dá haire ag an gcruinniú a bhí ag LEWP-P an 4 Meitheamh 2024 nach raibh aon ghá leanúint den scrúdú ar an leibhéal teicniúil, ós rud é gur tugadh aghaidh ar na ceisteanna teicniúla uile ar bhealach cuimsitheach.

10. Tá an Uachtaránacht tiomanta teacht ar chomhréiteach agus tá sé ar intinn aici, tar éis an dul chun cinn a chur i láthair ag an gComhairle an 13 Meitheamh 2024, téacs comhréitigh a eisiúint agus ina dhiaidh sin a iarraidh ar Choiste na mBuanionadaithe teacht ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta páirteach[9].

## III. CONCLÚID

11. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ar an gComhairle an dul chun cinn a thabhairt dá n-aire in obair na hUachtaránachta maidir leis an Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

---

[9] 'Páirteach' toisc nach bhfuil roghnú shuíomh Lárionad an Aontais san áireamh.